



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/548 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2026

maidir le húdarú eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí a dhiúltú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú nó a dhiúltú. Le hAirteagal 10 den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmhéastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaráíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh an tsubstaint eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le heastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) De réir mar a fhoráiltear in Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, is faoin iarratasóir ar údarú breiseáin bheathaithe atá sé a léiriú go leordhóthanach go ndearnadh na coinníollacha maidir le húdarú a leagtar amach in Airteagal 5(2) agus (3) den Rialachán sin a chomhlíonadh, i gcomhréir leis na rialacha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin.
- (5) Sa tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') an 17 Márta 2021 ⁽³⁾, ní fhéadfadh sé teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. le haghaidh an úsáideora agus le haghaidh cat agus madraí, toisc nár sholáthair an t-iarratasóir saintréithriú iomlán an bhreiseáin. Ina theannta sin, ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir le héifeachtúlacht eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. mar gheall ar easpa fianaise áititheach.
- (6) I litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2021, thug an Coimisiún deis don iarratasóir faisnéis fhorlíontach a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar an tuairim neamhchonclúideach ón Údarás. In éagmais freagra, seoladh ríomhphost chuig an iarratasóir an 4 Feabhra 2025 inar cuireadh in iúl go raibh sé beartaithe an t-údarú a dhiúltú. D'ainneoin roinnt meabhrúcháin, níor thug an t-iarratasóir freagra maidir leis an tsubstaint.
- (7) Eascraíonn sé as an tuairim ón Údarás an 17 Márta 2021 nach bhfuil sé léirithe ag an iarratasóir go leormhaith ná go leordhóthanach go bhfuil eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nuair a úsáidtear é mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí. Ina theannta sin, eascraíonn sé as an tuairim ón Údarás nár léiríodh go leormhaith ná go leordhóthanach éifeachtúlacht eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(4):6527. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6527>.

- (8) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann eastóscán an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, maidir le húdarú na substainte sin mar bhreiseán beathaithe a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe' lena n-úsáid le haghaidh cat agus madraí, ba cheart an t-údarú sin a dhiúltú.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart eastóscán an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. agus beatha a bhfuil sé inti a tharraingt siar ón margadh a luaite is féidir, a mhéid a bhaineann lena úsáid le haghaidh cat agus madraí. Ba cheart tréimhse theoranta ama a cheadú, áfach, le haghaidh na stoc atá ann cheana de na táirgí sin a tharraingt siar ón margadh chun gur féidir le hoibreoirí an oibleagáid maidir le tarraingt siar a chomhlíonadh mar is ceart.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú a dhiúltú

Maidir le húdarú eastóscáin an chnadáin mhóir ó *Arctium lappa* L. mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, agus a bhaineann leis an gcatagóir 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', lena úsáid le haghaidh cat agus madraí, diúltaítear an t-údarú sin.

Airteagal 2

Tarraingt siar ón margadh

1. Maidir leis na stoic atá ann cheana den bhreiseán dá dtagraítear in Airteagal 1, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh madraí agus cat, agus na stoic atá ann cheana de réamh-mheascáin a bhfuil sé iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh madraí agus cat, tarraingeofar siar ón margadh iad faoin 5 Iúil 2026.
2. Ábhair bheatha agus beatha chumaisc arna dtáirgeadh leis an mbreiseán nó leis na réamh-mheascáin dá dtagraítear i mír 1 roimh an 5 Iúil 2026 agus atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh madraí agus cat, tarraingeofar siar ón margadh iad faoin 5 Deireadh Fómhair 2026.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN